Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin

# Irish as a New Minor Subject

## Details for 25/26

**Cén fáth a Roghnóinn an Mionábhar Nua seo? *(Why take this New Minor Subject?)***

An mbaineann tú taitneamh as Gaeilge a labhairt? An maith leat an Ghaeilge a scríobh is a léamh? Más mian leat barr feabhais a chur ar do chumas sna réimsí sin, seo an cúrsa duitse. Tá cáil ar fhoireann Roinn na Gaeilge sna goirt ina bhfuil siad ag obair mar scoláirí agus iad ag foilsiú leo go rialta. Chomh maith leis sin, tá an-cháil ar an Roinn as a bheith cairdiúil, rud a thaitníonn go mór lenár gcuid mac léinn. San iomlán, is geall le mionGhaelacht i lár na príomhchathrach sinn.

**Neart eile eolais ar fáil** ag https://www.tcd.ie/Irish/undergraduate/Gaeilge_Mion.ga.php
nó ón Roinn (sonraí teagmhála thíos)

**Céard a fhoghlaimeoidh mé? *(What will I learn?)***

Is trí mheán na Gaeilge a mhúinfear do chúrsa. Foghlaimeoidh tú faoi gach gné den Nua-Ghaeilge: ón bhFiannaíocht sa 13ú haois go Máirtín Ó Cadhain agus Nuala Ní Dhomhnaill sa lá atá inniu ann. Cuirfidh tú go mór le do chumas i labhairt agus scríobh na Gaeilge, agus déanfaidh tú staidéar foirmiúil ar cheartúsáid na teanga. Caithfidh tú tréimhse sa Ghaeltacht mar chuid de do chúrsa. Tá liosta de na modúil féin ar fáil ag an suíomh atá luaite thuas.

**Céard a dhéanfaidh mé? *(What will I do?)***

Tá réimse an-leathan gairmeacha ag daoine a rinne Nua-Ghaeilge anseo. Ina measc tá cuid mhaith múinteoirí, iriseoirí (sna meáin Ghaeilge go háirithe) agus daoine le postanna eile sna meáin – teilifís, ceol, beochan, raidió agus an t-idirlíon. Tá borradh tagtha ar líon na ndaoine a fhaigheann postanna mar ateangairí agus aistritheoirí, cuid acu siúd thar sáile. Tá léachtóirí ollscoile agus leabharlannaithe againn chomh maith, agus iarmhic léinn eile ag obair sa tseirbhís phoiblí, le gnó agus le margaíocht.

**Conas a dhéanfar é seo a mheas? *(How will this be assessed?)***

Déanfar na modúil sa teanga a mheas trí scrúdú scríofa, scrúdú béil agus ceachtanna baile. Déanfar na modúil litríochta a mheas, go ginearálta, trí aistí nó tascanna mar chuid de mheasúnú leanúnach.

**Contact Hours and Indicative Workload**

Beidh dhá uair an chloig agat sa teanga gach téarma agus uair an chloig amháin i modúil teanga / cultúir gach téarma. Beidh beagán oibre baile agat sa teanga gach seachtain agus scrúdú cinn bhliana – scríofa agus béil. Beidh aiste nó tasc le déanamh, go ginearálta, ag deireadh an téarma don mhodúl litríochta / cultúir.

**Teagmháil *(Contacts)***

Caoimhe ní Bhraonáin, riarthóir sa Roinn – nibhraoc@tcd.ie nó Eoin Mac Cárthaigh, Ceann na Roinne – emaccart@tcd.ie. Buail isteach chuig seomra 4055 i mBloc na nEalaíon.